23 Márta 2026
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

**Baisc imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní foilsithe**

Tá **20 imleabhar** nua as an bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar leis na 1940idí.

I measc na n-imleabhar, tá ábhar nua as na contaetha seo a leanas: Cabhán, Ciarraí, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Lú agus an Mhí.

Tá éagsúlacht mhór ar fáil sna himleabhair seo, idir scéalta, sheanchas, sheanfhocla, phaidreacha, amhráin, phiseoga, thomhais, leigheasanna agus iliomad ábhar eile.

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbe.

Seo thíos liosta de na himleabhair, de na bailitheoirí agus de na háiteanna.

| | |
|---|---|
| 0790 | Seán Ó Cróinín, Cill Mhín, Co. Chorcaí |
| 0807 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Cluain Min agus Cill Mhín, Co. Chorcaí |
| 0808 | Seosamh Ó Dálaigh, Cill Mochomóg agus Dún Chaoin, Co. Chiarraí |
| 0809 | Seosamh Ó Dálaigh, Cill Mochomóg agus Dún Chaoin, Co. Chiarraí |
| 0812 | Liam Ó hIcidhe, Teampall Ruáin, Baile an Locha, Co. Chorcaí, Diarmuid Ó Cruadhlaoich, Inis Céin, Co. Chorcaí, Sr. M. Borgia, Co. Chiarraí, Donnchadh Ó Ceilleachair, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí |
| 0813 | Pádraig Ó Súilleabháin, Baile an Bhóthair, Co. Chiarraí |
| 0814 | Pádraig Ó Súilleabháin, Baile na Cúirte, Co. Chiarraí |
| 0815 | Pádraig Ó Súilleabháin, Co. an Chabháin |
| 0818 | Seán Ó hEochaidh, Cloich Chionnaola, Co. Dhún na nGall |
| 0819 | Proinnsias de Búrca, Cill Aithnín, Co. na Gaillimhe |
| 0820 | Seosamh Ó Dálaigh, Cill Mochomóg, Co. Chiarraí |
| 0821 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí |
| 0822 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí |
| 0823 | Tadhg Ó Murchadha, an Dromaid, Dairbhre, Co. Chiarraí |
| 0829 | Tadhg Ó Coincheannain, an Spidéal, agus Liam Ó Coinceannain, Rinne na hAirne, Co. na Gaillimhe |
| 0831 | Pádraig Ó Súilleabháin, Coill an Chollaigh agus Cillín Chéir, Co. an Chabháin agus Ceanannas, Co. na Mí |
| 0832 | Pádraig Ó Súilleabháin, Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin, Cill Eanaigh, Co. Lú agus Ceanannas, Co. na Mí |
| 0833 | Seosamh Ó Dálaigh, Cill Maoilchéadair, Co. Chiarraí |
| 0834 | Seosamh Ó Dálaigh, Cill Maoilchéadair, Co. Chiarraí |
| 0840 | Calum Mac Gilleathain, an Spidéal, Co. na Gaillimhe |

**Nóta don eagarthóir:**

Tá An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go ráithiúil. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

Teagmháil: eolas@duchas.ie

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
National Folklore Collection
UCD DUBLIN
DCU
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
Le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta
Supported by National Lottery
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal